

Dána an turas trialltar sonn

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 2]

Eoghan Ruadh Mac an Bhaird cc.

1 Dána an turas trialltar sonn,
fada atá ag tocht 'na thimcholl,
geall re hoighidh an eachtra,
doiligh earr na huaisleachta.

2 Le leathrom cogaidh Chráoi Fhloinn
do mealladh mac Uí Dhomhnoill,
ag triall ré haigheadh n-anba
i ccaidreabh fhían n-eachtranda.

3 Dána an chúis do chuir roimhe,
gá ttám acht tug Rudhroighe
aighidh ar an lucht ros ling,
lér airigh d'ulc 'na oirchill.

4 Deacair aghaidh orra soin,
iomdha ar a cheann cúis bhaoghail,
lucht cruadhaighthe caingheadh réidh,
gruamaighthe airrdhean n-aigmhéil.

5 Atáid re a ucht a n-Áth Clíath
óig ar ar himreadh mídhíach,
mór ngoimhfhéchsín ré a ghnúis ngloin,
cúis roidhéisdín a rochtóin.

6 Iomdha cúis imnidh aca,
iomdha mairg mhná deórata,
iomdha leacht as a lossoin,
diongna a theacht ón turus-soin.

7 Na róid ina roicheadh soin
go ttrásda a ttreallmhaibh cogaidh,
taidlídh go síothcháanna sonn
fíochnáma aingidh eachtronn.

8 Taisbéntor sunn seal oile
gnúis uathmhar na hamhsoine
'na dreich raighil sháordha sháimh,
'na haighidh mháordha mhacáimh.

9 Gibé an tráth sa theagmhus dó,
iomdha foireann fuair anró,
do tháirthéghadh a thocht sin

ag fáithléghadh olc idir.

10 Atáid, narab díth dhosan,
croidhe a chomthach foghlasan
ag léim d'orghráin na heachtra,
budh céim d'foghbháil aigeanta.

11 Iomdha ag uaislibh Insi Breagh,
ag mnáibh, ag macoibh fileadh,
ré léghadh leóin as a los,
meóir dá ttéghadh fan turos.

12 Gidh eadh measaid óig Eamhna,
do dhruim toice a ttighearna,
an turussa fa ttéigh mé,
'na chéim urusa aige.

13 Foghla gráineamhla an ghille
ní chuimhnigh cath Duibhlinne,
lé fonn a siothoighthe soin
fa fhonn bfíochfhoirbhthe bFionntoin.

14 A ndearna orra, as é a shuim,
maithtear do mhac Uí Dhomhnaill,
gur thaiséntor tocht 'na cceann,
aisécthar olc na hÉireann.

15 Tugadh leó a bfíoch sa bformad,
ar rún ceannsa ar cháonchomhrag,
fuath a-roile, a rún cogaidh,
ar rún toile tugadair.

16 Tiad gnúisi giolladh ndorrdha
reimhe a reachtoibh searcamhla,
meanma goimheamhla Gall ndúr
le a bharr soidhealbhdha ag síothlúdh.

17 Móide a rofháilte roimhe
go bfuair síad síodh Rudhraighe,
an gartoirear far ghlé Conn,
nar haltoigheadh é ag eachtronn.

18 Ón tráth fa ttáinig 'na cceann
fear ionaidh airdríogh Éireann,
brigh 'na ccéimiondaibh ní chuir,
sídh Éirionnaigh ní híarthuir.

19 Leis an ngealladh gealltar lais,
lé humhla meic meic Maghnais,

do reactha rún gacha fir,
do feactha glún gach Gáoidhil.

20 Faigsin codhnaigh Chlann Dálaigh
i nÁth Clíath a ccomhdhálaibh
dáil cháomhanta do chrích Ghall,
aonshompla síth na sáorchlann.

21 Gibé tráth tí 'na fhrithing,
mór ccúis n-éгнаigh d'oirichill
ag Rudhraighe, ga dulc dhó?
le a lucht furnaidhe is fado.

22 Mór ríoghan um Ráith Logha
tarla do nós Nualadha
fan ccéim do-chluinsi 'na ceann
a bpéin tuirsi 'na timcheall.

23 Fuaras lé a los a shiobhail,
ó's doilghe na déidhionaigh,
nach smuain an t-imneadh oile
fuair inghean ar nAodhaine.